2026/1784

17.7.2026

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1784 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Iúil 2026**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil sa Chipir**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5138)*

**(Is é an téacs Gréigise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an galar crúb agus béil a bhíonn ar ainmhithe sna hoird mamach Artiodactyla agus Proboscidea agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseachtaí choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den ghalar crúb agus béil, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh an galar sin go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar ainmhithe de speicis liostaithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2])(an speicis liostaithe).

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 déantar foráil maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an galar crúb agus béil, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta agus crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar athchogantaigh i gceantair Larnaca agus Nicosia sa Chipir. Go sonrach, déantar foráil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 nach mór don Chipir criosanna srianta a bhunú, lena gcuimsítear criosanna cosanta agus faireachais, mar aon le crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 ón gCoimisiún an 11 Márta 2026 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil sa Chipir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/484 (IO L, 2026/582, 13.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/582/oj).

(AE) 2020/687, criosanna nach mór na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais, agus sa chrios srianta breise, a chur i bhfeidhm ar a laghad go dtí na dátaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus nach mór do na criosanna cosanta agus faireachais, chomh maith leis an gcrios srianta breise, na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn sin ar a laghad a chuimsiú. Ba le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1277 ón gCoimisiún [5] a leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 go deireanach.

(4) Ó glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1277, ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Chipir, tá athbhreithniú déanta ar na bearta éigeandála is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna cosanta agus faireachais agus sa chrios srianta breise a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus ar an amlíne lena gcur i bhfeidhm, go háirithe maidir le réamhghlanadh agus réamh-dhíghalrú na mbunaíochtaí atá buailte, rudaí is gá a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Dá thoradh sin, ní mór fad na mbeart éigeandála sna criosanna cosanta agus faireachais sin a choigeartú go sealadach.

(5) Dá réir sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair a mhéid a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil sa Chipir, agus chun leathadh breise an ghalair sin sa Bhallstát sin, chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha a chosc, is gá na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais nó criosanna srianta breise san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 a thabhairt cothrom le dáta go práinneach, chun iad a oiriúnú ó thaobh spáis agus ama de i gcás inar gá. Tá gá leis sin freisin chun aon chur isteach nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc, agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar an trádáil.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Cipire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Iúil 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Olivér VÁRHELYI
*Comhalta den Choimisiún*

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1277 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/582 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil sa Chipir (IO L, 2026/1277, 10.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1277/oj).

*IARSCRÍBHINN*

**Criosanna cosanta agus faireachais, criosanna srianta breise agus criosanna vacsaínithe**

**Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

| Ballstát | Rannán riaracháin | Uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de na criosanna srianta dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|---|---|
| Cyprus | Larnaca | CY-FMD-2026-00092 | Protection zone:<br>Those parts of Cyprus, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 34,883993, Long. 33,563018. | 1.10.2026 |
| | | | Surveillance zone:<br>Those parts of Cyprus, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 34,883993, Long. 33,563018, excluding the areas contained in the protection zone. | |
| Cyprus | Larnaca | CY-FMD-2026-00096 | Protection zone:<br>Those parts of Cyprus, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 34,887044, Long. 33,572012. | 1.10.2026 |
| | | | Surveillance zone:<br>Those parts of Cyprus, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 34,887044, Long. 33,572012, excluding the areas contained in the protection zone. | |

**Crios srianta breise**

| Ballstát | Limistéar a bhunaítear mar chrios srianta breise, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Cyprus** | The remaining territory of Cyprus | 1.10.2026 |

**Crios vacsaínithe**

| Ballstát | Crios vacsaínithe | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Cyprus** | The territory of Cyprus | Until the last day of the recovery period, referred to in Part 4 of Annex VII to Delegated Regulation (EU) 2023/361 |